# Píotsa Geochláir

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – codáin<br>Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• freagracht mhéadaitheach a ghlacadh i roghnú agus in úsáid ábhar agus an mhatamaitic atá de dhíth ina gcuid oibre<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | iomlán, codán, cainníocht, coibhéis, uimhreoir, ainmneoir |
| **Áiseanna** | Uirlis Gheochláir Mol Mata, codáin balla coibhéise |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Tabhair 'codáin choibhéiseacha' isteach. Nuair a bhíonn dhá chodán coibhéiseacha lena chéile ciallaíonn sé sin go bhfuil siad ar cóimhéid agus go bhfuil an cruth céanna orthu, ach úsáideann siad uimhreacha difriúla. Mar shampla, is ionann na codáin seo ach dá thairbhe go bhfuil an cruth níos mó roinnte ina theascáin i ngach cás, scríobhtar an codáin ar bhealach difriúil. Sa tasc seo roinnfidh daltaí an píotsa go cothrom ag úsáid uirlis gheochláir chiorclach ar líne is iomaí bealach agus a thig leo. Úsáidfidh siad dath difriúil de réir mar a bhogfaidh siad ar aghaidh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir dheachúlach atá coibhéiseach le ½ nó 3/4?<br>• Cén codán den phíotsa atá coibhéiseach le 25%? Cá mhéad cuid a chuimseodh 1/8 den phíotsa? | • An ndéanann cruth an phíotsa difear ar bith? Cén dóigh? |

## Difreáil


Méadaigh nó laghdaigh líon na bpionnaí de réir mar is cuí. Is féidir línte greille a úsáid le tacú leis an ghníomhaíocht. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Balla Codán

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | | | | | | | | |
| 1/2 | 1/2 | | | | | | | | | | |
| 1/4 | 1/4 | 1/4 | 1/4 | | | | | | | | |
| 1/5 | 1/5 | 1/5 | 1/5 | 1/5 | | | | | | | |
| 1/6 | 1/6 | 1/6 | 1/6 | 1/6 | 1/6 | | | | | | |
| 1/8 | 1/8 | 1/8 | 1/8 | 1/8 | 1/8 | 1/8 | 1/8 | | | | |
| 1/10 | 1/10 | 1/10 | 1/10 | 1/10 | 1/10 | 1/10 | 1/10 | 1/10 | 1/10 | | |
| 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 | 1/12 |

# Píotsa Geochláir

**Samhlaigh gur píotsa é an ciorcal seo. Cá mhéad dóigh ar féidir é a roinnt go cothrom? Cá mhéad a chothóidh sé i ngach cás? Cá mhéad píosa a bhfaighidh siad?**



Is féidir é seo a roinnt idir beirt, ceathrar, ochtar, dáréag agus seisear déag. Úsáidtear dathanna ag an am chéanna leis an chodán nua a thaispeáint: Is leath é dearg, is ceathrú é gorm, is ochtú é glas, is dódhéagú é buí, is sédéágú é dubh